

AN ROINN CUMARSÁIDE, FUINNIMH AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA (EIRCODE)



EIRCODE

Cúlra

Is imscrúdú thar a bheith suntasach a bhí san imscrúdú seo faoin úsáid a bhain an córas Eircode as logainmneacha agus ainmneacha agus sloinnte daoine. Go deimhin, fuair an Oifig seo níos mó gearán ar an ábhar seo as féin ná aon ábhar aonair eile riamh ó bunaíodh an Oifig.

Sháraigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha an dualgas reachtúil teanga maidir le cur i bhfeidhm a scéime teanga chomh fada is a bhaineann sé le logainmneacha Gaeltachta. Is mar seo a leanas atá an mhír sin den scéim:

Logainmneacha Gaeltachta

Tá na socrúcháin riachtanacha curtha in áit ag an Roinn le cinntiú go n-úsáidfead logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta mar atá fógraithe ag an Aire in Ordú na Logainmneacha Gaeltachta 2005 mar réamhshocrú do chuspóirí corparáideacha, lena n-áirítear, mar is cuí, cuspóirí reachtúla, corparáideacha agus staidrimh.

Tá an dualgas reachtúil ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha sa chás seo agus ní Eircode féin, ná an Post, a dháil na héirchóid, mar gurb í an Roinn atá freagrach as an gconradh don chóras a bhronnadh agus a stiúradh.

Ainneoin a mhínádirtha is a bhí sé go raibh comhlacht stáit ag úsáid logainmneacha Béarla do sheoltaí daoine atá taobh amuigh den Ghaeltacht ach ar mian leo go n-úsáidfe an logainm Gaeilge, ní raibh sárú reachtaíochta ann. Sampla eile é seo den easpa cosanta ar bhunchearta teanga in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is amhlaidh a bhí an scéal ó thaobh aistriúcháin a rinneadh ar ainmneacha daoine óna dteanga dhúchais, Gaeilge, go Béarla. Dúirt mé ag an am gur *“buncheart céannacht duine a bheith aitheanta ina rogha teanga oifigiúla i ngnóthaí an Stáit”*.

Moltaí

- Go gcinnteofaí feasta go dtabharfar aird chuí ar ghealltanais scéime teanga nuair atá conradh á aontú ag an Roinn le tríú páirtí do sheachadadh seirbhísí.
- Go ndéanfaí aon chonradh eile a bhí idir lámha ag an Roinn ag an am a scrúdú d'fhonn a fhiosrú an raibh impleachtaí ag an bhfionnachtain seo d'aon chonradh eile.
- Go gcuirfí tuarascáil faoi bhráid na hOifige faoin 12 Feabhra 2016 ag tabhairt léargas cuimsitheach i dtaca le stádas géilliúlachta na gconarthaí eile don ghealltanais reachtúil scéime i dtaca le logainmneacha Gaeltachta.
- Go gcuirfí tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid na hOifige faoin 30 Meitheamh 2016 i dtaca leis an dul chun cinn a bhí déanta leis an uasdátú ar an mbunachar sonraí ar a bhfuil Eircode ag brath, ag áireamh anailís ar aon bhearna idir úsáid logainmneacha Gaeltachta in GeoDirectory an Phoist (APG).

An próiseas faireacháin


Cuireadh tús leis an bpróiseas faireacháin ar chur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe le linn na bliana 2016. Bhí iliomad teagmhálacha idir m'Oifig agus oifigigh na Roinne Cumarsáide ón uair sin i leith.

Mheabhraigh mé don Roinn i mí Aibreáin 2019 gur chóir gur i nGaeilge amháin a bheadh na logainmneacha ábhartha Gaeltachta ar an gcóras Eircode chun go dtabharfaí feidhm chruinn do ghealltanais na scéime agus moltaí an imscrúdaithe. Cuireadh in iúl don Roinn go raibh gearáin fós á bhfáil ag m'Oifig ó dhaoine den phobal go bhfuil a gcuid seoltaí á n-úsáid ag comhlachtaí príobháideacha i mBéarla i gcónaí. Ní hé seo atá uathu ach tá an scéal amhlaidh de thoradh úsáid an chórais Eircode toisc nach bhfuil seoltaí Gaeltachta ar an gcóras sin i nGaeilge amháin.

Ag cruinniú i ndeireadh mhí na Bealtaine dearbháidh léirmhíniú na hOifige ar an bhforáil reachtúil, is é sin gur chóir gur i nGaeilge amháin a bheadh na logainmneacha Gaeltachta ábhartha ar an gcóras Eircode. Iarradh freagra críochnúil laistigh de 30 lá.



Fuair mé freagra dar dáta an 24 Meitheamh 2019, ag tabhairt le fios go raibh an Roinn tar éis scríobh chuig an bPost, ar leo cearta IP na seoltaí go léir a úsáidtear sa chóras Eircode (is é sin an seoladh uimhriúil a úsáidtear mar phrótacal idirlín do gach seoladh), ag iarraidh orthu a mbunachar sonraí seoltaí a leasú ionas gur i nGaeilge amháin a bheadh gach logainm ábhartha Gaeltachta. Dearbhaíodh, mar a bhí ráite cheana, gur ón mbunachar sonraí GeoDirectory agus uaidh sin amháin a thagann gach seoladh a sholáthraítear sa chóras Eircode. Tá an bunachar sonraí sin á chur ar fáil faoi cheadúnas ag GeoDirectory an Phoist (APG) do Capita. Is comhfhiontar de chuid an Phoist agus Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann é APG.



I mí na Samhna 2019 dhearbhaigh an Post nach bhféadfaí an leagan Béarla de sheoltaí Gaeltachta a bhaint dá mbunachar sonraí mar go dteastaíonn sé le cruinnseachadadh litreacha a chinntiú. An chúis atá leis sin, a dúradh, ná go n-úsáideann lear maith daoine seoltaí Béarla sa Ghaeltacht. Dúirt an Post go bhfuil dualgas reachtúil orthu faoi ComReg cloí le spriocanna áirithe seachadta agus go mbeadh sé sin

dodhéanta gan an leagan Béarla de na seoltaí a bheith sa bhunachar acu. Tugadh le fios go bhféadfadh sé amach anseo go mbeadh giuirleíd láimhe ag fir agus mná poist a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh le seoltaí a aithint.

Thug an Roinn le fios chomh maith go raibh cúrsaí ag bogadh ar aghaidh go mall leis an uasdátú ar an mbunachar sonraí ar a bhfuil an córas Eircode ag brath, ag áireamh anailís ar aon bhearna idir úsáid logainmneacha Gaeltachta in APG.


Mhaígh an Roinn i mí na Samhna 2019 gur cuid de cheist níos leithne a bhí anseo, is é sin nach bhfuil aon fhoirm ná leagan dlíthiúil de sheoltaí ann in Éirinn agus go bhfuil éagsúlacht mhór sa leagan a úsáidtear le haghaidh seoltaí Béarla agus Gaeilge araon. Dúradh gurb é an toradh atá air sin ná go bhfuil 35% de na hionaid réadmhaoine sa tír nach bhfuil seoladh uathúil acu.

Míníodh chomh maith nár mhór don seoladh i mbunachar sonraí Eircode a bheith ag teacht leis an seoladh i mbunachar sonraí an Phoist. D'fhéadfadh deacrachtaí suntasacha seachadta poist chuig na custaiméirí sin a bheith ann dá mbeadh na seoltaí difriúil lena chéile. Dúradh nach bhfuil de rogha ag Eircode, dá bhrí sin, na seoltaí i mbunachar sonraí Eircode a athrú go haontaobhach gan tagairt do bhunachar sonraí an Phoist.

Glacann an Roinn leis go gcuimsíonn gealltanas na Roinne ina scéim teanga Capita – an comhlacht atá freagrach as Eircode a sholáthar – a bheith ag cur éirchóid nua ar fáil do cheantair Ghaeltachta uair sa ráithe agus gan ach an seoladh Gaeilge in úsáid.

Dúradh go gcuimsíonn sé an uirlis ghréasáin Eircode/Aimsitheoir, áit a dtiocfaidh an leagan Gaeilge den seoladh aníos mar réamhshocrú nuair a chuardaítear logainmneacha Gaeltachta de réir seoladh nó éirchóid. Bheimis ag súil leis gurbh é an leagan Gaeilge amháin a bheadh in úsáid chun na críocha *“cuspóirí reachtúla, corparáideacha agus staidrimh”* in aon chás ina raibh ordú logainm déanta ag an Aire.

Tugadh le fios go bhfuil suíomh gréasáin Eircode agus suíomh gréasáin Aimsitheoir Eircode le fáil i nGaeilge. Dúirt an Roinn go raibh sí sásta go raibh sí ag cloí le riachtanais a scéime teanga agus go bhfuil sí ag comhlíonadh na bhforálacha in Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhaineann le horduithe logainmneacha.



Is léir dom go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha teacht ar réiteach sa chás seo trí iarracht iachall a chur ar an bPost a bhunachar sonraí seoltaí a leasú ionas gur i nGaeilge amháin a bheadh gach logainm Gaeltachta ábhartha. Níor éirigh leis na

hiarrachtaí sin, áfach. Dá thoradh seo ar fad tá logainmneacha Gaeltachta i mBéarla fós á n-úsáid ag Eircode. Léirigh an t-imscrúdú gur ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha atá an fhreagracht ina leith seo i ndeireadh na dála.

Tús teagmhála: 11 Feabhra 2016

Teagmháil is déanaí: 27 Samhain 2019

Aguisín 1 – Amlíne

31 Nollaig 2015:	Tuarascáil imscrúdaithe eisithe
11 Feabhra 2016:	Ríomhphost faighte ón gcomhlacht poiblí ag lorg síneadh ama leis an tuairisc a chur ar fáil. Ceadaiódh an síneadh ama.
16 Márta 2016:	Síneadh ama eile lorgtha.
24 Márta 2016:	Tuairisc faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar ghéilliúlacht chonarthaí na Roinne do na gealltanais i dtaca le logainmneacha.
6 Aibreán 2016:	Soiléiriú lorgtha ón Roinn, mar aon le cóip d'iatáin a bhí in easnamh.
13 Aibreán 2016:	Eolas breise agus iatán faighte go neamhfhoirmiúil.
18 Aibreán 2016:	Freagra foirmiúil iarrtha i gcomhrá leis an Roinn.
09 Bealtaine 2016:	Litir fhoirmiúil faighte.
30 Meitheamh 2016:	Freagra dlíte ón Roinn ar mholadh amháin – gaoch faighte ag lorg síneadh ama. Teachtaireacht glórphoist fágtha ag lorg dáta molta don síneadh ama.
18 Iúil 2016:	Teachtairacht glórphoist fágtha don Roinn ag lorg freagra.
27 Iúil 2016:	Freagra ón Roinn ag tabhairt cuntais ar an mbealach a n-oibríonn Eircode, APG agus Meitheal Logainm.ie.
30 Eanáir 2018:	Ríomhphost seolta ag OCT chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag lorg eolas cothrom le dáta, go háirithe i dtaobh an tionscnaimh idir an Post agus Meitheal Logainm.ie.
2 Feabhra 2018:	Admháil faighte.
16 Márta 2018:	Meabhrúchán eisithe ag OCT chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.
26 Márta 2018:	Ríomhphost faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag glacadh leithscéil as an moill agus ag tabhairt le fios go bhfuil freagra beagnach réidh.
3 Aibreán 2018:	Ríomhphost chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag lorg dáta sonracha faoina gcuirfear freagra ar fáil.
10 Aibreán 2018:	Gaoch teileafóin curtha ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag rá go bhfuil an cás seo tábhachtach agus thar a bheith práinneach ag an bpointe



12 Aibreán 2018: Ríomhphost faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag tabhairt le fios go bhfuil an freagra á aistriú. Admháil eisithe.

16 Aibreán 2018: Ríomhphost faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le freagra ar an litir ón Oifig seo i dtaca le sonraí GeoDirectory. Admháil seolta ar ais chuig an Roinn.

22 Meitheamh 2018: Litr seolta chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag lorg soiléiriú ar dhá phointe faoi leith. Freagra iarrtha faoin 18 Iúil.

18 Iúil 2018: Meabhrúchán seolta chuig an Roinn maidir leis an litir dar dáta an 22 Meitheamh 2018. Freagra faighte ag tabhairt le fios go raibh an tuarascáil nach mór réitithe.

3 Lúnasa 2018: Freagra faighte ón Roinn.

8 & 9 Deireadh Fómhair 2018: Iarrachtaí déanta, tríd an ríomhphost, le teacht ar dháta oiriúnach do chruinniú.

12 Deireadh Fómhair 2018: Dáta deimhnithe do chruinniú ar an 16 Samhain 2018.

16 Samhain 2018: Cruinniú leis an Roinn leis an dul chun cinn a mheas.

15 Aibreán 2019: Litr seolta ag Oifig an Choimisinéara Teanga chuig Ard-Rúnaí na Roinne ag tabhairt le fios go rabhthas tagtha ar an tuairim, tar éis freagraí na Roinne a athbhreithniú, nach raibh de rogha ach tuarascáil a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an ábhar. Tairgeadh cruinniú le hiarracht amháin eile a dhéanamh teacht ar chomhréiteach.

8 Bealtaine 2019: Litr faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag glacadh leis an tairiscint.

10 Bealtaine 2019: Glórphest fágtha ag Oifig an Choimisinéara Teanga leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag rá go mbeadh an Coimisinéir Teanga ar fáil.

13 Bealtaine 2019: Ríomhphost ó Oifig an Choimisinéara Teanga chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag rá go mbeadh fáil ar an gCoimisinéir Teanga ar dhátaí ar leith.

15 Bealtaine 2019: Cruinniú deimhnithe idir Oifig an Choimisinéara Teanga agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha don 27 Bealtaine 2019.

16 Bealtaine 2019: Ríomhphost seolta chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag rá go bhfuil am agus dáta an chruinnithe oiriúnach don Choimisinéir Teanga.

16 Bealtaine 2019: Glaoch teileafóin curtha ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha – deimhníodh go mbeadh an tArd-Rúnaí nó an Rúnaí Cúnta i láthair ag an gCruinniú.

27 Bealtaine 2019: Cruinniú ag Oifig an Choimisinéara Teanga le Rúnaí Cúnta na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.


29 Bealtaine 2019: Litr seolta ag an gCoimisinéir Teanga chuig Rúnaí Cúnta na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

4 Meitheamh 2019: Admháil faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

24 Meitheamh 2019: Litr faighte ag an gCoimisinéir Teanga ó Rúnaí Cúnta na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag tabhairt le fios go bhfuil an Roinn tar éis scríobh chuig an bPost, mar a aontaíodh ag an gcruinniú.

3 Iúil 2019: Admháil seolta chuig an Roinn.

6 Lúnasa 2019: Teachtaireacht ghlórphoist fágtha ag OCT leis an Roinn ag lorg tuilleadh eolais maidir leis an dul chun cinn go dáta.



7 Lúnasa 2019: Glaoch teileafóin faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag tabhairt le fios go bhfuil freagra faighte ón bPost, go bhfuil uirthi é a scrúdú agus go bhfillfidh sí orainn ina leith. Spriocdháta iarrtha.

14 Lúnasa 2019: Glaoch teileafóin faighte ag Oifig an Choimisinéara Teanga ón Roinn. Dúradh go mbeadh an Rúnaí Cúnta ar saoire go dtí an 17 Meán Fómhair 2019 agus, mar sin, go mbeadh freagra á eisiúint faoi dheireadh Mheán Fómhair 2019.

30 Meán Fómhair 2019: Teachtaireacht ghlórphoist fágtha don Roinn agus glaoch faighte ar ais. Ráite gur thug an Post le fios ina fhreagra go bhfuil fadhbanna teicniúla ag baint leis na socruithe a bhí á lorg, ach nach bhfacthas don Roinn go mbeadh aon deacracht i gceist. Cruinniú le lorg leis an bPost leis an scéal a phlé. Curtha in iúl go raibh freagra críochnúil geallta faoin 30 Meán Fómhair 2019. Iarrtha air filladh amárach le heolas faoi dháta an chruinnithe.

1 Deireadh Fómhair 2019: Glaoch teileafóin faighte ón Roinn. Iarratas déanta ar chruinniú leis an bPost. Ní raibh dáta socraithe fós. Seolfar ríomhphost chuig OCT nuair a bheidh dáta ar fáil agus fillfear ar OCT tar éis an chruinnithe le heolas faoi na socruithe atá á mbeartú nó na deacrachtaí teicniúla atá aitheanta ag an bPost.

4 Deireadh Fómhair 2019: Glaoch teileafóin faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Beidh cruinniú ar an 8 Deireadh Fómhair 2019 leis an bPost chun duine a ainmniú a bheidh ag plé leis an ábhar seo ar a shon. Tá an Post ag tabhairt le fios go mbaineann fadhbanna teicniúla le cinntiú go mbíonn na logainmneacha Gaeltachta i nGaeilge amháin. Tá míniú ag teastáil air seo. Súil ag an Roinn go mbeidh cruinniú leo faoi dheireadh na seachtaine seo chugainn

10 Deireadh Fómhair 2019: Glaoch teileafóin faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Cruinniú socraithe leis an bPost don 29 Deireadh Fómhair 2019.

8 Samhain 2019: Glaoch teileafóin faighte ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Bhí an cruinniú ag an Roinn leis an bPost. Tugadh le fios gur dhearbhaigh an Post nach bhféadfaí an leagan Béarla de sheoltaí Gaeltachta a bhaint dá bhunachar sonraí mar go dteastaíonn sé le cruinnseachadadh litreacha a chinntiú, mar go n-úsáideann lear maith daoine seoltaí Béarla sa Ghaeltacht. Deir sé go bhfuil dualgas reachtúil air faoi ComReg cloí le spriocanna áirithe seachadta agus go mbeadh sin dodhéanta gan an leagan Béarla de na seoltaí a bheith sa bhunachar acu. Dúirt sé go raibh an Post ag díriú ar an teicneolaíocht a thabhairt isteach dá fhir agus mná poist agus go bhféadfadh sé amach anseo go mbeadh giuirléid láimhe acu a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh le seoltaí a aithint.

Thug an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le fios chomh maith go raibh plé arís le GeoDirectory agus dearbhaíodh go bhfuil sí i dteagmháil le Meitheal Logainm.ie anois agus go bhfuil cúrsaí ag bogadh ar aghaidh go mall leis an mbunachar a cheartú le cinntiú go bhfuil sé cruinn. Dúradh go gcoinneofar á mbrú.

Soláthróidh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha freagra i scríbhinn dúinn.

27 Samhain 2019: Freagra i scríbhinn faighte ón Rúnaí Cúnta ag tabhairt le fios go bhfuil, ina tuairim, an dualgas reachtúil scéime á comhlíonadh ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.